

An Foras Riaracháin

# Earcaíocht Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
# Leabhrán Eolais don Iarrthóir

Iúil 2025

forvis mazars

IPA
An Foras Riaracháin
Institute of Public Administration

# Clár ábhair


| | |
|---|---|
| Clár ábhair | 2 |
| An Post | 3 |
| Coinníollacha Seirbhíse | 8 |
| Conas Iarratas a dhéanamh | 11 |
| Eolas Ginearálta | 14 |

# An Post

| | |
|---|---|
| **Teideal an phoist:** | Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha |
| **Tréimhse oifige:** | Post buan, nó ar bhonn conartha nó iasachta agus ag súil le post buan a dhéanamh de |
| **Údarás Fostaithe:** | An Foras Riaracháin |
| **Suíomh:** | 57-61 Bóthar Lansdúin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, Éire, D04TC62 |
| **Láithreán gréasáin na heagraíochta:** | www.ipa.ie |

## An Eagraíocht

### 1. Eolas tosaigh ar an Institiúid Riaracháin (IPA)

Is é misean an Fhorais Riaracháin (IPA) ná tuiscint, caighdeán agus cleachtas an riaracháin phoiblí agus an bheartais phoiblí a chur chun cinn agus cumas agus inniúlacht lucht saothair na Seirbhíse Poiblí a fhorbairt don am atá le teacht. Tá de rún againn go seasmhach a bheith mar Ionad Sármhaitheasa aitheanta na hÉireann d'Fhoghlaim agus d'Fhorbairt Ceannaireachta don tSeirbhís Phoiblí.

Tá an IPA faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPER) agus is eagraíocht ar leith é ó thaobh leithead agus doimhneacht an tsaineolais il-disciplínigh atá aige ar an tseirbhís phoiblí. Cuimsítear leis seo cur chuige ilghnéitheach lena n-áirítear oideachas tríú leibhéal creidiúnaithe, foghlaim ghairmiúil dhigiteach agus duine le duine, seirbhísí forbartha agus comhairleacha. Tugann an cur chuige tras-earnála seo bonn don bhForas chun dearcadh uathúil, uile-rialtais a chur i bhfeidhm ar a cuid gníomhaíochtaí, rud a sholáthraíonn réitigh dá bhfuil á éileamh ag an stát agus an rialtas.

Tá an IPA tar éis forbairt go mór ó bunaíodh é i 1957 agus tá breis is 19,000 fostaí na seirbhíse poiblí ag freastal ar chúrsaí agus ar chláir na laethanta seo. Tá a lán ranna speisialtóra ag an bhForas chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt ar chuir chuige éagsúla maidir le cumas na seirbhíse poiblí a thógáil. Áiríonn na ranna seo Forbairt Ghairmiúil, Foghlaim Dhigiteach (a bhfuil OneLearning mar chuid de), Seirbhís Phoiblí Shinsearach agus Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta.

Tá an IPA ar cheann de dhá choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (OÉ) in éineacht le Coláiste Ríoga na Máinlianna (RCSI), a bhronnann céimeanna OÉ de réir comhaontuithe ábhartha agus reachtanna náisiúnta. Go sonrach agus go tábhachtach, is é an t-aon Institiúid Riaracháin Phoiblí san Eoraip é ag a bhfuil an t-údarás bronnta seo.

### 2. Ré Nua Foghlama: Straitéis an IPA 2022-2027

Tá straitéis an IPA “Ré Nua Foghlama: Straitéis 2022–2027” ag teacht go maith le haidhmeanna na Straitéise um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí. Go bunúsach, feidhmíonn an Foras mar eagraíocht a chuireann rialtas maith chun cinn agus a éascaíonn é. Tá sé mar aidhm ag an IPA oideachas agus eolas a chur ar fáil, dea-chleachtas a chur chun cinn, comhrá agus díospóireacht a ghiniúint, agus naisc a chruthú ar fud na Seirbhíse Poiblí chun córas riaracháin phoiblí na hÉireann a fheabhsú ar mhaithe leis an bpobal. Mar, ón tús amach, tá creideamh bunúsach ag an bhForas i ngairm an

riaracháin phoiblí, agus creideamh go n-éiríonn leis an tSeirbhís Phoiblí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn trí fhoghlaim, trí oideachas, trí fhorbairt agus trí thaighde.

Tá ceithre phríomhaidhm straitéiseacha sa straitéis:

1. Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil: Riachtanais foghlama agus forbartha gairmiúla, creidiúnaithe ar feadh an tsaoil atá ag ár státseirbhís agus ár seirbhís phoiblí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu go gníomhach.
2. Taighde, Ceannaireacht Smaointeoireachta agus Nuálaíocht: An IPA a chur i lár an aonaigh mar cheannaire smaointeoireachta aitheanta trí thaighde spriocdhírithe, comhairle shaineolach agus sármhaitheas i seachadadh seirbhíse.
3. Cultúr, Eolas agus Ár nEagraíocht Roinnte: Ár gcur chuige i leith forbairt foirne, comhroinnt eolais agus cultúir a ardú agus a chomhtháthú, chun a thaispeáint gur eagraíocht teagaisc agus foghlama forásach atá ionainn.
4. Timpeallacht Eagraíochtúil an IPA: Éifeachtúlachtaí próisis agus riaracháin a sheachadadh agus ag an am céanna freastal ar ionchais ghairmiúla ár bhfoirne, ár gcustaiméirí agus ár luchtanna leasa.

Tá a lán seirbhísí speisialtóra ag an IPA a thacaíonn le cuir chuige maidir le hacmhainn a fhorbairt laistigh den tSeirbhís Phoiblí agus a thugann comhairle ina thaobh seo. Déantar na seirbhísí seo a chatagóiriú laistigh de chúig phríomhlimistéar lena n-áirítear: Cláir Acadúla, Cláir Ghairmiúla agus Seirbhísí Comhairleacha, Seirbhísí d'Fhorbairt Ceannaireachta, Foghlaim Dhigiteach, agus Cláir Straitéiseacha Idirnáisiúnta.

## 3. Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Foras Riaracháin (IPA) ag lorg ceannaire atá dírithe ar thráchtáil agus atá tiomanta do luachanna an IPA, le dul isteach sa bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin. Mar dhuine atá ag iarraidh cabhrú go fonnmhar chun cultúr dearfach a fhorbairt in áit oibre ina léirítear meas ar fhostaithe agus ina dtacaítear leo, beidh an cumas ag an iarrthóir is fearr ceannaireacht a thabhairt go bríomhar, fuinniúil agus é nó í tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais de réir mar a éilíonn comhlacht a fhaigheann maoiniú ón Státchiste. Beidh sé/sí ag tabhairt meantóireachta agus tacaíochta éifeachtaí do cheannairí sinsearacha ar fud an chúraim ilghnéitheach a bhfuil an ról seo freagrach as.

Beidh an t-iarrthóir is fearr ina chomhoibrí láidir a spreagfaidh athrú dearfach, sármhaitheas agus nuálaíocht. Cuirfidh an t-iarrthóir is fearr meascán d'fhís straitéiseach agus cur i bhfeidhm praiticiúil ar fáil, agus é/í ag feidhmiú ag na leibhéil is airde rialachais agus cuntasachta.

## Achoimre ar an Ról

Mar bhall d'Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin an IPA, beidh ról ceannaireachta ag an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha i maoirsiú agus i mbainistiú feidhmeanna seirbhísí comhroinnte an Fhorais, is é sin, Airgeadas, Acmhainní Daonna, Eastáit / Seirbhísí Tacaíochta agus Sláinte agus Sábháilteacht. Beidh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha i gceannas ar fhoirne ildisciplíneacha agus á mbainistiú. Cumasóidh sé/sí seachadadh seirbhísí comhroinnte a thacaíonn le fís straitéiseach foriomlán an IPA, a bheith mar Ionad Sármhaitheasa chun Cumas agus Acmhainn na hEarnála Poiblí a Fhorbairt.

Mar dhuine a bheidh ag tuairisciú do Leas-Ardstiúrthóir / Rúnaí Cuideachta an IPA, beidh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha freagrach as Straitéis Seirbhísí Comhroinnte an IPA a fhorbairt agus a sheachadadh, agus beidh sé/sí ag obair go muiníneach agus go comhoibríoch le comhghleacaithe

na Foirne Ceannaireachta Feidhmiúcháin, á chinntiú go spreagtar seachadadh gnó, fás agus nuálaíocht trína fheidhmiú rathúil. Beidh an deis ag an ról tábhachtach seo páirt ghníomhach a ghlacadh i gClár Claochlaithe an IPA, ag cur le fís an IPA don todhchaí agus ag stiúradh foirne ardfheidhmíochta agus gairmiúla.

## Gnéithe na Seirbhísí Comhroinnte

- **Airgeadas:** Is Cuideachta Teoranta faoi Ráthaíocht é an IPA. Tá stádas carthanachta aige. Is comhlacht é faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhaigheann cistí poiblí agus déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh air. Mar eagraíocht a bhfuil sainordú tráchtála aici, tá córas casta cuntasaíochta airgeadais agus bainistíochta ag an IPA atá ag feidhmiú de réir na gcaighdeán rialachais is airde. Tá feidhm airgeadais ag an IPA a gcuirtear na hacmhainní cearta ar fáil di agus tá an fheidhm párolla mar chuid di. Tá clár claochlaithe ardaidhmeannach ar bun chun gach gníomhaíocht airgeadais a lárú laistigh den Roinn Airgeadais.
- **Acmhainní Daonna (AD):** Cuireann an IPA acmhainní ar fáil le haghaidh seachadadh a chuid seirbhísí trí mheascán d'fhoireann lánaimseartha (<150 faoi láthair), conarthaí seachfhoinsithe agus comhpháirtithe (Saineolaithe ábhair) a chuireann leis an obair.  Tá tírdhreach rialachais na hEarnála Poiblí mar bhonn eolais ag an bhfeidhm AD agus is é FÓRSA comhpháirtí Ceardchumainn an IPA. Oibríonn an IPA feidhm seirbhísí pinsin sheachfhoinsithe, atá lonnaithe laistigh den fheidhm AD.
- **Eastáit/ Seirbhísí Tacaíochta/ Sláinte & Sábháilteacht:** Faoi láthair, cuireann bainistíocht áiseanna an IPA an réimse iomlán feidhmeanna áiseanna ar fáil lena n-áirítear glanadh, poirtéireacht, slándáil agus seirbhísí eastáit cúnta. Mar Eagraíocht Foghlama agus Forbartha, freastalaíonn an IPA ar an bhfoireann agus ar a chustaiméirí, i dtimpeallachtaí fisiciúla, hibrideacha agus go hiomlán fíorúla.  Tá creat dlíthiúil agus rialála an IPA mar bhonn eolais ag a chuid oibleagáidí Sláinte agus Sábháilteachta. Tá clár claochlaithe suntasach, uaillmhianach ar siúl ag an IPA agus tá athmheasúnú ar a bhonneagar ag a chroílár. Tá an tionscadal seo ar siúl i gcónaí.
- **ESG:** Tá an IPA ag iarraidh na caighdeáin is airde in inbhuanaitheacht timpeallachta, shóisialta agus eagraíochtúil a bhaint amach agus tá ceannaireacht sa réimse seo ina gné lárnach don chlár claochlaithe. Tá an IPA á rialú ag beartas na hEarnála Poiblí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, sainorduithe gníomhaíochta aeráide agus oibleagáidí SEAI.

## Príomhfhreagrachtaí

Is ról ceannaireachta sinsearach é seo a bheidh freagrach as, na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

### *Freagrachtaí maidir le Forbairt Straitéiseach*

- Mar Phríomh-Oifigeach Airgeadais an IPA, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus an Buiséad Bliantúil a sheachadadh le haghaidh a bhfaofa ag an mBord, na caighdeáin a chomhlíonadh atá riachtanach faoi chreat dlíthiúil agus rialála casta an IPA, caighdeáin Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste san áireamh.
- Straitéis um Sheirbhísí Comhroinnte a fhorbairt, atá ag teacht le Straitéis Chorparáideach an IPA, a thacóidh le fís an IPA a bheith mar Ionad Sármhaitheasa chun cumas agus acmhainn na Seirbhíse Poiblí a chur chun cinn.

- Obair i gcomhar le ceannairí sinsearacha, Pleananna Gnó bliantúla lena n-áirítear KPIanna/Méadrachtaí a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh orthu chun an Straitéis um Sheirbhísí Comhroinnte a chur i bhfeidhm go rathúil. Áirítear leis seo, ach gan a bheith teoranta dóibh, Airgeadas, AD, Bonneagar agus Áiseanna, agus Creidiúnú Próisis Ghnó.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige straitéiseach, ag cinntiú go leanann sé de bheith ag freastal ar riachtanais chliaint Seirbhísí Comhroinnte an IPA atá ag athrú, go hinmheánach agus go seachtrach araon.
- Cultúr den Rialachas eiseamláireach a chothú, ag seachadadh Córas Rialaithe Inmheánaigh a chosnaíonn clú an IPA, a thugann dearbhuithe láidre do Bhord an IPA, don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPER), don Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) agus do bhonn cliant an IPA i gcoitinne.

*Freagrachtaí Ceannaireachta*

- Obair as láimh a chéile leis an Leas-Ardstiúrthóir/Rúnaí Cuideachta chun seachadadh straitéiseach a chinntiú, ag tuairisciú don Bhord agus d'fhochoistí de réir mar is gá.
- Obair as láimh a chéile leis an Leas-Ardstiúrthóir/Rúnaí Cuideachta, bainistíocht agus tacaíocht do phríomhpháirtithe leasmhara a chinntiú, go háirithe an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPER) agus Cumann Bainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA).
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin, ag glacadh le cur chuige comhoibríoch agus OneIPA, ag cur le ceannaireacht agus bainistíocht an IPA ar an iomlán agus leis na spriocanna straitéiseacha comhroinnte.
- Foirne ildisciplíneacha na Seirbhísí Comhroinnte a threorú, cultúr dearfach, comhoibríoch a chothú, foirne a chumhachtú ina róil agus ceannairí fuinniúla, inniúla a fhorbairt don am atá amach romhainn.
- Ceannaireacht fhuinniúil, lán d'fhís a thabhairt don fhoireann Seirbhísí Comhroinnte, foireann dhíograiseach, bhríomhar agus fhreagrach a fhorbairt atá an-oilte agus dírithe ar fheabhas a bhaint amach ina cuid seirbhísí, agus tacú léi.
- Obair le Stiúrthóirí Roinne, straitéisí praghsála agus samhlacha costála a fhorbairt ar fud phunann seirbhísí an IPA, a chinntíonn go bhfuil an IPA inmharthana ar bhonn tráchtála, inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus ag léiriú samhail aisghabhála costais iomlán.
- Obair le bainisteoirí sinsearacha, creatlach láidir beartais um Sheirbhísí Comhroinnte a fhorbairt.
- Obair as láimh a chéile leis an Ardstiúrthóir agus an Leas-Ardstiúrthóir ar Chlár Claochlaithe an IPA.
- Obair go dlúth leis an Leas-Ardstiúrthóir/Rúnaí Cuideachta ag cinntiú go bhfuil an Straitéis Soláthair Chorparáideach a d'fhaomh Bord an IPA curtha bunaithe go láidir ar fud na bpróiseas cuntasaíochta agus buiséadaithe.
- Obair as láimh a chéile leis an Leas-Ardstiúrthóir/Rúnaí Cuideachta chun na Straitéisí agus na Creatlaí ESG agus CSR an IPA a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Ceannaireacht, meantóireacht agus deiseanna forbartha a chur ar fáil don fhoireann Seirbhísí Comhroinnte.
- Caidrimh láidre le príomhchustaiméirí, cliaint, comhpháirtithe, agus páirtithe leasmhara a fhorbairt agus a chothú.

*Freagrachtaí maidir le Bainistíocht Oibríochtaí*

- Freagracht bainistíochta as an bhfoireann Seirbhísí Comhroinnte (thart ar 15 ball foirne), maoirseacht a dhéanamh ar earcaíocht, spreagadh, bainistíocht feidhmíochta, agus forbairt ghairmiúil, ag tacú le pearsanra chun a gcuid cúraimí a dhéanamh go héifeachtach.
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht conarthaí díoltóirí lena n-áirítear Bainistíocht Áiseanna, Seirbhísí Tacaíochta Pinsin agus Cuntasaíochta, tugtar tosaíocht do luach ar airgead agus leanúnachas gnó an IPA a chinntiú.
- Páirt ghníomhach, ceannaireachta a ghlacadh sa Tionscadal Bonneagair, ag cinntiú go bhfuil Bonneagar an IPA ar fheabhas ar fad agus oiriúnach don am atá romhainn.
- A chinntiú go ndéantar de réir chreat rialachais an IPA, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo, bainistíocht riosca agus oibleagáidí iniúchta inmheánaigh.

## An Duine

### Critéir Riachtanacha

Léireoidh an t-iarrthóir rathúil fianaise orthu seo:

- Cuntasóir atá cáilithe go gairmiúil agus ina bhall de chomhlacht cuntasaíochta forordaithe.
- Taithí 5 bliana ar a laghad i bpost sinsearach ceannaireachta corparáideach san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach.
- Tuiscint láidir ar anailís sonraí agus méadrachtaí feidhmíochta agus cumas fadhbanna a dhiagnóisiú go tapa, saincheisteanna a thuar agus réitigh a oibríonn a chruthú.
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth, ag plé agus ag comhoibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, a bheith mar ionadaí do mhisean agus luachanna an IPA agus obair go héifeachtach mar chuid den fhoireann ceannaireachta agus le gach ball foirne.
- Inoiriúnaitheacht agus taithí shoiléir ar an gcumas foirne a bhainistiú agus a threorú i dtimpeallacht atá ag athrú ach na torthaí riachtanacha a sheachadadh i gcónaí.
- Cumas léirithe i dtaobh tionscadail athraithe shuntasaigh a chur i bhfeidhm agus cuntas teiste cruthaithe ar Feabhsúchán Próisis Ghnó a chur i gcrích go rathúil.
- Taithí ar bhainistíocht tionscadail agus pleanáil ghnó mar aon le cumas cruthaithe níos mó ná tionscadal amháin a bhainistiú ag an am céanna agus gach spriocdháta a chomhlíonadh in am.

### Critéir Inmhianaithe

Féadfaidh an t-iarrthóir rathúil fianaise a thaispeáint ar:

- Scileanna ceannaireachta den scoth, a bheith diongbháilte, seasmhach agus ionraic, cumas cruthaithe a bheith beo-intinneach, fuinniúil i dtimpeallacht il-disciplíneach.
- Litearthacht láidir TF, líofacht i scríbhneoireacht agus scileanna cur i láthair.
- Tiomantas agus treallús le constaicí a shárú agus torthaí a bhaint amach.

# Coinníollacha Seirbhíse

## Eolas ginearálta

Déantar an ceapachán seo faoi Bhunreacht an Fhorais – Airteagail Riaracháin, 17(2)(f), dar dháta an 19 Samhain 1963.

## Tréimhse oifige

D'fhéadfaí an post mar Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a líonadh ar bhonn buan, nó ar bhonn conartha nó iasachta agus ag súil le post buan a dhéanamh de.

## Tréimhse Promhaidh

Tá sé riachtanach do gach fostaí nua tréimhse promhaidh a chríochnú, de réir na 'dTéarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta' ina gconradh fostaíochta. Beidh ar fhostaithe tréimhse promhaidh tosaigh a chur isteach. Le linn na tréimhse seo, déantar feidhmíocht an fhostaí agus a chumais fhéideartha a mheas ag an obair chun oiriúnacht don phost a chinneadh. Ag deireadh na tréimhse promhaidh seo, déanfaidh bainisteoir líne an fhostaí measúnú foirmiúil, agus beidh cinneadh ar cibé an bhfuil an tréimhse promhaidh críochnaithe go sásúil ag an bhfostaí.

## Luach saothair

Tá an scála tuarastail don phost seo idir €94,377 agus €129,840 (scála 9 bpointe lena n-áirítear dhá mhéadú seirbhíse fada) in aghaidh na bliana pro rata.

Beidh an t-iontráil ag íosmhéid an scála agus ní bheidh an ráta íocaíochta faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. D'fhéadfadh pá agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm má tá an duine ceaptha ina Státseirbhíseach nó ina Sheirbhíseach Poiblí cheana féin díreach roimh cheapachán.

Faoi réir feidhmíochta sásúla, féadfar méaduithe a íoc de réir bheartas reatha an rialtais.

## Suíomh

Tá an post lonnaithe faoi láthair ag 57-61 Bóthar Lansdúin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. D'fhéadfadh go mbeadh ar shealbhóir an phoist seo freastal ar chruinnithe agus ar ócáidí eile uaireanta lasmuigh den ghnátháit oibre.

## Uaireanta freastail

Beidh na huaireanta oibre socraithe agus ní bheidh níos lú ná 35 uair sa tseachtain i gceist. Má éiríonn leat, beidh ort uaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar is réasúnta agus de réir mar is gá chun do dhualgais a chomhlíonadh i gceart, faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre.

Oibríonn an Foras samhail Oibre Cumaisc fhoirmiúil atá bunaithe ar riachtanais seirbhíse/gnó.

## Saoire Bhliantúil

Tá saoire bliantúil 30 lá ag gabháil leis an bpost. Tá an liúntas seo bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

## Saoire Bhreoiteachta

Beidh an ráta pá le linn asláithreacht bhreoiteachta atá deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse ann, i bhfeidhm ar bhonn pro-rata de réir na bhforálacha i gciorcláin saoire breoiteachta na Seirbhíse Sibhialta & Poiblí.

## Sochair don bhFostaí

Ar shamplaí de chuid de na sochair reatha don bhfostaí áirítear:

- Teidlíocht saoire bhliantúil fhlaithiúil
- Polasaí Oibre Measctha
- Polasaithe atá oiriúnach do theaghlaigh
- Scéim Sochar Súl ar fáil
- Scéim Rothaíochta chun na hOibre ar fáil
- Clár Folláine Foirne
- Raon Deiseanna Foghlama agus Forbartha
- Scéim Saoire Breoiteachta
- Saoire Mháithreachais agus Atharthachta le pá
- Rogha chun bheith i do bhall de Chlub Sóisialta an Fhorais
- Clárú uathoibríoch i scéim phinsin
- Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

## Fostaíocht Lasmuigh

Is post lán-aimseartha é, agus níl cead ag sealbhóir an phoist dul i mbun cleachtaidh phríobháidigh, ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach, rud a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil.

## An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

Beidh téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 i bhfeidhm, nuair is cuí, maidir leis an gceapachán seo. Cuirfear tuilleadh eolais faoi choinníollacha fostaíochta ar fáil sa chonradh fostaíochta don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi.

## Ranníocaíocht Aoisliúntais

Tá ballraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí éigeantach do gach fostaí ach amháin nuair atá ballraíocht i scéim aoisliúntais na seirbhíse poiblí a bhí ann roimhe seo ann. Cuirfear sonraí ar fáil don duine a cheapfar roimh cheapachán.

Maidir le daoine nua a thagann isteach faoin Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí, a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013, is iad seo a leanas na ranníocaíochtaí pinsin: 3.5% den luach saothair inphinsin glan agus 3% den luach saothair inphinsin. Beidh an pinsean agus an chnapshuim scoir bunaithe ar an meánluach saothair inphinsin gairmréime; déanfar pinsin a chomhordú leis an bPinsean Stáit Ranníocach.

## Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Tá an ceapachán seo faoi réir an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017. Nóta: Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá riachtanach faoi rialacha do scéime pinsin.

## Sábháilteacht agus Leas

Caithfidh sealbhóir an phoist comhoibriú le téarmaí Ráiteas Sábháilteachta an Fhorais. Cuirfidh sé/sí eolas ar na rialacha agus na nósanna imeachta sábháilteachta agus cloífidh sé/sí leo.

## Oiliúint

Is coinníoll fostaíochta é go mbeidh ar iarrthóirí a n-éireoidh leo páirt a ghlacadh i gcláir oiliúna a bhaineann leis na scileanna is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa Chomórtas

Caithfidh iarrthóirí, faoin dáta a dtairgtear aon phost, a bheith:

- Ina shaoránach de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (LEE). Tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua san LEE; nó
- Ina shaoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
- Ina shaoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an Aontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- Saoránach neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh saoránaigh de LEE nó de chuid na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
- Ina dhuine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoi Acht na Cosanta Idirnáisiúnta 2015 nó ina bhall teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
- Ina shaoránach neamh-LEE atá ina thuismitheoir linbh chleithiúnaigh atá ina shaoránach de bhallstát de chuid LEE nó de chuid na hEilvéise agus ina chónaí iontu sin, agus a bhfuil víosa stampa 4 aige.

## Rúndacht

Caitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí a bhaineann le hearcú agus roghnú faoi rún daingean agus ní nochtar iad do dhuine ar bith lasmuigh de na daoine atá go díreach bainteach leis an bpróiseas earcaíochta.

## Saoráil Faisnéise

Is féidir le hiarrthóirí a bheith ag súil go ndéileálfar le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí mar rún daingean faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

# Conas Iarratas a dhéanamh

Tá Forvis Mazars ar áirithíocht ag an IPA chun cabhrú le ról Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha a cheapadh. Fáiltíonn Forvis Mazars, thar ceann an IPA, roimh iarratais ó iarrthóirí atá cáilithe go cuí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus beidh siad ag tabhairt faoi phróiseas earcaíochta cuimsitheach mar chuid den fheachtas earcaíochta seo.

Beidh Forvis Mazars ag bainistiú gach gné den tionscadal earcaíochta seo thar ceann an IPA. Níor cheart fiosrúcháin ná canbhasáil a dhéanamh go díreach leis an IPA.

Ba chóir iarratais a chur isteach ar líne agus ní mór an t-eolas seo a leanas a bheith ag gabháil leo:

1. Litir chumhdaigh ina mínítear cén fáth ar mhaith leat go bhféachfaí ort le haghaidh róil mar Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus cén fáth a gcreideann tú go bhfuil do chuid scileanna agus taithí oiriúnach do riachtanais an róil.
2. CV cuimsitheach ina dtaispeántar go soiléir do ghnóthachtálacha agus do thaithí ábhartha i do ghairmréim go dtí seo.
3. Foirm iarratais chomhlánaithe.

Ní ghlacfar ach le hiarratais a bhfuil na trí ghné thuasluaite ag gabháil leo, agus iad curtha isteach ar líne faoin spriocdháta d'iarratais. Ní eiseofar aon mheabhrúcháin tar éis an spriocdháta d'iarratais.

Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, tabhair cuairt ar www.forvismazars.com/ie/en/executiverecruitment agus cuardaigh Tag. IPA0125.

## Dáta deiridh

**Spriocdháta d'iarratais:** 12 meán lae, Dé Luain, 25 Lúnasa 2025

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta/am deiridh.

Seolfar ríomhphost admhála le haghaidh gach iarratais a fhaightear. Mura bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas laistigh de 24 uaire an chloig ó chuir tú isteach é, déan teagmháil le Foireann Earcaíochta Feidhmiúcháin Forvis Mazars trí ríomhphost (execrecruit@mazars.ie) chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas faighte.

## Cóiríocht réasúnta

Cuireann an IPA béim láidir ar éagsúlacht, cuimsiú agus comhionannas ag gach leibhéal den eagraíocht. Ba chóir d'aon iarrthóir a bhfuil cóiríocht réasúnta ag teastáil uaidh/uaithi ag aon chéim den chomórtas roghnúcháin a riachtanais a chur in iúl. Is féidir aon cheisteanna a bhaineann le haon mhíchumas nó saincheist eile a d'fhéadfaí a réiteach trí chóiríochtaí réasúnta den sórt sin a dhéanamh, a sheoladh chuig execrecruit@mazars.ie nó glaoch a chur ar +353 (1) 4494400.

## An próiseas roghnúcháin

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa Phróiseas Roghnúcháin:

- gearrliosta na n-iarrthóirí, bunaithe ar an eolas atá ina n-iarratas
- réamhagallamh iomaíoch
- agalla(i)mh iomaíoch(a) a d'fhéadfadh cur i láthair a bheith mar chuid de
- measúnú síceaméadrach
- teistiméireachtaí sásúla (ní dhéanfar teagmháil le moltóirí gan toiliú roimh ré ón iarrthóir)

Forchoimeádann an IPA an ceart iarraidh ar iarrthóirí freastal ar an dara agallamh.

## Gearrliostú

Forchoimeádann an IPA an ceart iarratais a chur ar ghearrliosta. D'fhéadfadh an próiseas gearrliostála a bheith i bhfoirm glao scagtha agus/nó próiseas gearrliostála deisce bunaithe ar an bhfaisnéis atá sna hiarratais a cuireadh isteach.

De ghnáth, bíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost níos mó ná mar is gá chun folúntais atá ann cheana agus folúntais amach anseo don phost a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóir na riachtanais incháilitheachta don chomórtas a chomhlíonadh, más rud é go bhfuil líon na n-iarratas ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil gach duine a chur faoi agallamh, féadfaidh an IPA cinneadh a dhéanamh gan ach cuid de líon na n-iarrthóirí á ghlaoch chun agallaimh. Sa chomhthéacs seo, úsáidfidh an IPA próiseas gearrliostála chun grúpa a roghnú le haghaidh agallaimh a bhfuil an chuma orthu, bunaithe ar scrúdú ar an ábhar iarratais, gurb iad na daoine is oiriúnaí don phost. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú i gcomparáid le critéir réamhchinnte, bunaithe ar riachtanais an phoist. Ina theannta sin, d'fhéadfaí glaonna scagtha a úsáid. Ní hionann é sin agus a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó neamhchumasach chun an post a dhéanamh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann, a bhfuil an chuma orthu, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil níos mó taithí ábhartha acu.

## Agallaimh

Cuirfear sonraí an agallaimh in iúl do na hiarrthóirí a luaithe is féidir, agus táthar ag súil go mbeidh na hagallaimh ar siúl sa dara leath de Mheán Fómhair 2025. Ba cheart do na hiarrthóirí a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá sonraithe ar a bhfoirm iarratais ceart.

## Painéil

Féadfar painéal a chur le chéile bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin. Ní ráthaíonn socrú ar aon phainéal ón gcomórtas seo go dtairgfear post. Ní bheidh an próiseas roghnúcháin críochnaithe go dtí go mbeidh teistiméireachtaí iarrtha agus seiceálacha imréitigh, i.e., sláinte ceirde, agus fíorú na gcáilíochtaí oideachais, curtha i gcrích.

## Tairiscint Ceapacháin

Iarrfaidh an Foras ar dhaoine a dtairgtear ceapachán dóibh glacadh leis an gceapachán sin laistigh de thréimhse nach faide ná mí, nó tréimhse níos faide mar a chomhaontaítear. Mura nglacann an duine leis an gceapachán laistigh den tréimhse sin, nó tréimhse níos faide a d'fhéadfadh an Foras a chinneadh dá lánrogha féin, d'fhéadfadh nach gceapfadh an Foras iad.

## Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh an IPA freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí a aisíoc.

Níor cheart glacadh leis, má ligtear duine isteach i gcomórtas, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh, nó má thugtar fógra toraidh rathúil, gurb ionann sin agus gur deimhin leis an IPA go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí ó shealbhú an phoist agus ní thugann sé ráthaíocht go mbreithneofar d'iarratas tuilleadh. Tá sé tábhachtach duit, dá bhrí sin, a thabhairt do d'aire go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar an agallamh. Mura gcomhlíonann tú na riachtanais iontrála riachtanacha seo ach má fhreastalaíonn tú ar an agallamh mar sin féin, tabhóidh tú costas duit féin nach bhfuil gá leis.

Sula moltar aon iarrthóir le haghaidh ceapacháin chuig an bpost seo, déanfaidh an IPA gach fiosrúchán a mheastar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán, ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir glacadh leis nó tuiscint a bhaint as go ndearnadh a leithéid de chinneadh.

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar le haghaidh ceapacháin nó má thugann sé/sí suas é tar éis glacadh leis ar dtús, nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an IPA, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin.

## A mheas gur tarraingíodh iarrthóireacht siar

Ní bhreithneofar iarrthóirí nach gcuireann iarratas isteach roimh an spriocdháta d'iarratais, nach gcuireann isteach an doiciméadú iarratais riachtanach mar atá leagtha amach sa doiciméad seo, nó nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástáil eile a theastaíonn, don ról.

## Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ba chóir do na hiarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad má dhéanann siad canbhasáil agus go gcuirfear as an bpróiseas iad. Ina theannta sin, ní mór don iarrthóir gan:

- faisnéis bhréagach a sholáthar d'aon ghnó nó gan smaoineamh
- canbhasáil a dhéanamh ar aon duine le dreasachtaí nó gan iad
- cur isteach ar an bpróiseas nó é a chur i mbaol ar aon tslí.

Níor cheart go ndéanfadh tríú páirtí aithris ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas.

Tá duine ar bith a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion.  Tá duine a fhaightear ciontach i gcion faoi dhliteanas fíneála nó príosúnachta.

Ina theannta sin, i gcás go bhfuil nó go raibh duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- más rud é nach bhfuil siad ceaptha chuig post, dícháileofar mar iarrthóir iad, agus,
- má ceapadh iad i ndiaidh an phróiseas earcaíochta faoi chaibidil, caillfidh siad an ceapachán sin.

## Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí ann cheana faoin Treoir AE um Chosaint Sonraí. Bailítear an fhaisnéis phearsanta (sonraí) ar an bhfoirm iarratais, aon iatáin san áireamh, (a d'fhéadfadh bailiú sonraí pearsanta íogaire a áireamh) chun críche an t-iarratas seo a phróiseáil agus tá aon sonraí a bhailítear faoi réir na rialachán.

# Eolas Ginearálta

## Seiceálacha teistiméireachta

Tabhair do d'aire go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a dhéantar d'iarrthóir rathúil faoi réir fíorú sásúil teistiméireachtaí agus fíorú sásúil cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla.

## Rúndacht

Beidh rúndacht an iarrthóra á urramú ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara, áfach, go gcuirfí gach ábhar iarratais ar fáil dóibh siúd a bhfuil freagracht dhíreach acu as an bpróiseas earcaíochta laistigh den IPA.

Tabhair do d'aire go bhféadfaí an fhaisnéis a chuir tú ar fáil mar chuid de d'iarratas a úsáid mar chuid dár méadrachtaí éagsúlachta, comhionannais agus cuimsitheachta maidir leis an bhfeachtas seo.

## Comhlíonadh dlíthiúil

Tá Forvis Mazars agus an IPA tiomanta don reachtaíocht ábhartha go léir le linn an fheachtais earcaíochta seo a chomhlíonadh. Áirítear leis seo na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, An tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014.

## Comhlíonadh RGCS

Déanann Forvis Mazars sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil mar a sholáthraíonn iarrthóirí iad agus iad ag cur isteach ar an ról atá ar fáil. Déantar na sonraí a sholáthraíonn iarrthóirí a bhailiú, a thaifeadadh, a stóráil, a choimeád agus a scrios de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.